Clár

1.	Cad is Sochar Cúramóra ann?	3
2.	Conas a cháilítear?	4
3.	Cad iad na coinníollacha ranníocaíochta ÁSPC?	5
4.	Cad is brí le 'cúram agus aire lánaimseartha'?	6
5.	An gá dom cónaí leis an duine ag a bhfuil gá le cúram lánaimseartha?	7
6.	Cé mhéid is féidir a fháil?	8
7.	Cé atá ina leanbh cáilithe?	8
8.	Conas a fhaightear an íocaíocht?	9
9.	Cá fhad a mhaireann an íocaíocht?	9
10.	An féidir íocaíochtaí eile a fháil in éineacht leis an Sochar Cúramóra?	10
11.	Cathain agus conas a dhéantar iarratas?	10
12.	Conas a líontar an fhoirm iarratais ar an Sochar Cúramóra?	11

Ar leanúint thall

Meitheamh 2018

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Lárionad Intreo áitiúil, leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha (féach lch. 16 chun sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní léirmhíniú dleathach atá ann.

13. An féidir liom iarratas a dhéanamh ar an Sochar Cúramóra má táim tosaithe cheana ar chúram a chur ar fáil? 13

14. An féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh cinnidh? 13

15. Cad a tharlaíonn nuair a éirím as obair chun cúram agus aire lánaimseartha a chur ar fáil? 14

16. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil? 16

Foirm iarratais ar chreidmheasanna na saoire cúramóra 18

1. Cad is Sochar Cúramóra ann?

Is é is Sochar Cúramóra ann ná íocaíocht do dhaoine árachaithe a d'fhág an lucht oibre le déanaí agus a thugann aire do dhaoine áirithe ag a bhfuil gá le cúram agus aire lánaimseartha.

Nóta

Ba chóir duit iarratas a dhéanamh ar an Sochar Cúramóra 10 seachtaine sula mbeidh sé de rún agat do phost a fhágáil, ionas go mbeidh go leor ama againn le seiceáil an gcáilíonn tú agus chun plé le d'éileamh.

Is féidir leat an Sochar Cúramóra a fháil ar feadh suas le 2 bhliain go hiomlán do gach duine dá dtugann tú aire. Is féidir leat é a éileamh ar feadh tréimhse leanúnaí 2 bhliain nó i dtréimhsí éagsúla arb ionann iad agus 2 bhliain nuair a chuirtear le chéile iad. Má chuireann tú cúram ar fáil do bhreis agus duine amháin, is féidir go mbeidh tú i dteideal 50% breise de d'íocaíocht phearsanta a fháil.

Nóta

Ní hann d'aon teidlíocht ar Phacáiste na Sochar don Líon Tí ná do Shaorthaisteal faoi Scéim an tSochair Chúramóra.

Má fhágann tú an lucht oibre chun aire a thabhairt do dhuine ag a bhfuil gá le cúram agus aire lánaimseartha, is féidir go mbeidh tú i dteideal saoire shealadach gan phá a fháil ó do phost. Féach lch. 14 chun a thuilleadh eolais a fháil.

Is é is Liúntas Cúramóra ann ná **íocaíocht de réir tástála acmhainne** do dhaoine a thugann aire do dhaoine áirithe. Ó 27 Meán Fómhair 2007, is féidir go bhfaighidh tú an Liúntas Cúramóra ar leathráta in éineacht le d'íocaíochtaí eile, má fhaigheann tú íocaíochtaí áirithe ón Roinn seo agus má chomhlíonann tú na coinníollacha maidir leis an Liúntas Cúramóra. **B'fhéidir** freisin go bhféadfá an Liúntas Cúramóra ar leathráta a fháil in éineacht le méadú a bheith á fháil duit mar dhuine fásta cáilithe ag duine éigin eile ar a (h)íocaíocht leasa shóisialaigh féin. Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Nóta

Níl an Sochar Cúramóra iníoctha ar leathráta in éineacht le híocaíocht leasa shóisialaigh eile.

2. Conas a cháilítear?

Cáileoidh tú, an cúramóir:

- má tá tú fostaithe ar feadh 8 seachtaine i rith na 26 seachtaine roimhe sin,
- má tá go leor ranníocaíochtaí ÁSPC agat,
- má éiríonn tú as do phost chun aire a thabhairt do dhuine éigin go lánaimseartha (caithfidh an fhostaíocht seo a bheith ar feadh 16 huaire in aghaidh na seachtaine nó 32 uair in aghaidh na coicíse ar a laghad),
- mura bhfuil tú féinfhostaithe ná fostaithe lasmuigh den bhaile ar feadh níos mó ná 15 huaire sa tseachtain (féach lch. 7), agus
- mura bhfuil tú i do chónaí in ospidéal, i dteach téarnaimh ná i bhforas eile dá leithéid.

Ní mór don duine dá dtugann tú aire:

- a bheith i ngátar cúraim agus aire lánaimseartha (is gá teastas dochtúra), agus
- gan gnáthchónaí a bheith air/uirthi in ospidéal, i dteach altranais nó i bhforas eile dá leithéid.

Má tá tú ag tabhairt aire do leanbh ar Liúntas Cúraim Bhaile ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ní gá duit teastas dochtúra a sholáthar ná ní gá gur tusa an duine a fhaigheann an liúntas sin ar son an linbh.

Nóta

Má tá beirt nó níos mó ag roinnt na ndualgas cúraim, níl cead ach ag cúramóir amháin an sochar a éileamh.

3. Cad iad na coinníollacha ranníocaíochta ÁSPC?

I gcás an chéad éilimh, caithfidh:

- 156 ranníocaíocht íoctha a bheith agat ó thosaigh tú ag gabháil d'fhostaíocht inárachais,

  agus

  – 39 ranníocaíocht íoctha a bheith agat sa bhliain chánach ábhartha,

  nó

  – 39 ranníocaíocht íoctha a bheith agat sa 12 mhí sula n-íocfar an Sochar Cúramóra,

  nó

  – 26 ranníocaíocht íoctha a bheith agat sa bhliain chánach ábhartha agus 26 ranníocaíocht íoctha a bheith agat sa bhliain chánach roimhe sin.

Ní áirítear ach ranníocaíochtaí ÁSPC Aicme A, B, C, D, H agus E.

Is í 'an bhliain chánach ábhartha' ná an bhliain chánach iomlán leathdhéanach roimh an mbliain ina n-éilíonn tú Sochar Cúramóra.

I gcás na n-éileamh a rinneadh sa bhliain:	Is í an bhliain chánach ábhartha ná:
2016	2014
2017	2015
2018	2016

Ranníocaíochtaí árachais ó bhallstáit eile an Aontais Eorpaigh (AE)

D'fhéadfaí tréimhsí árachais a críochnaíodh i mballstát eile de chuid an AE a chur san áireamh chun na coinníollacha ranníocaíochta ÁSPC a chomhlíonadh. Ní foláir nó gur íocadh an tseachtain dheireanach oibre d'árachas íoctha in Éirinn.

Ní gá duit na coinníollacha ranníocaíochta ÁSPC a chomhlíonadh arís, má chuireann tú iarratas isteach an dara huair nó ina dhiaidh sin.

Nóta

- **Mura gcomhlíonann tú na coinníollacha ranníocaíochta ÁSPC i dtaca leis an Sochar Cúramóra, is féidir go gcáileoidh tú do Liúntas Cúramóra ar bhonn tástála acmhainne. Chun a thuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar www.welfare.ie.**
- **Mura gcáilíonn tú don Sochar Cúramóra, is féidir go mbeidh tú fós i dteideal na saoire cúramóra ó d'fhostaíocht. Féach lch. 14 chun sonraí a fháil.**

4. Cad is brí le 'cúram agus aire lánaimseartha'?

Ní mór gá a bheith ag an duine dá dtugtar aire le:

- maoirseacht go leanúnach agus cabhair go minic i gcaitheamh an lae ar fad i dtaobh na ngnáthriachtanas pearsanta mar shiúl agus gabháil timpeall, ithe nó ól, ní, folcadh, gléasadh agus mar sin de,

nó

- maoirseacht go leanúnach chun contúirt dó/di féin a sheachaint.

Nóta

Féadfaidh an duine dá dtugtar aire freastal ar chúrsa neamhchónaitheach oiliúna athshlánúcháin nó ar lárionad cúraim lae atá faofa ag an Aire Sláinte agus Leanaí.

Féadfaidh tú, an cúramóir:

- freastal ar chúrsa oideachais nó oiliúna nó dul i mbun fostaíochta deonaí nó pobail ar feadh 15 huaire sa tseachtain ar a mhéad,

  nó

- dul i mbun fostaíochta teoranta lasmuigh de do bhaile cónaithe, agus an fhostaíocht sin arna faomhadh ag an Roinn, ar feadh 15 huaire sa tseachtain ar a mhéad,

  nó

- dul i mbun féinfhostaíochta teoranta i do bhaile cónaithe.

Ní féidir le do thuilleamh ó fhostaíocht theoranta nó ó fhéinfhostaíocht theoranta dul thar teorainn sheachtainiúil arna socrú ag an Roinn. Déan teagmháil le Rannóg an tSochair Chúramóra chun sonraí den teorainn seo a fháil, le do thoil.

Le linn duit a bheith as láthair, caithfidh tú cúram leordhóthanach a shocrú don duine ag a bhfuil gá le cúram agus aire lánaimseartha.

Beidh an Roinn solúbtha agus measúnú á dhéanamh againn ar an ngá le cúram agus aire lánaimseartha a chur ar fáil agus déanfaimid breithniú ar na riachtanais atá ar an gcúramóir agus atá ar an duine atá faoi chúram. Nílimid ag súil go gcuirfeá cúram ar fáil ar feadh 24 huaire sa ló, ná ní mian linn go mbeadh daoine eile ag súil lena leithéid.

5. An gá dom cónaí leis an duine ag a bhfuil gá le cúram lánaimseartha?

De ghnáth, beidh tú i do chónaí leis an duine atá i ngátar cúraim lánaimseartha, ach níl sé seo lánriachtanach chun cáiliú don íocaíocht. Mura gcónaíonn tú leis an duine dá dtugann tú aire, ní mór:

- cúram agus aire lánaimseartha a bheith á gcur ar fáil agat,
- córas díreach cumarsáide - amhail guthán nó córas aláraim - a bheith idir do bhaile cónaithe agus baile cónaithe an duine a fhaigheann cúram, agus

- gur tusa an t-aon duine amháin a thugann aire don duine sin ina b(h)aile cónaithe féin.

6. Cé mhéid is féidir a fháil?

Tá d'íocaíocht comhdhéanta de mhéid pearsanta seachtainiúil duit féin agus de mhéideanna breise d'aon leanbh/leanaí cáilithe. Chun a thuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar **www.welfare.ie**. Má chuireann tú cúram ar fáil do níos mó ná duine amháin, is féidir go mbeidh tú i dteideal 50% breise den chion pearsanta de d'íocaíocht a fháil.

Má fhaigheann do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir íocaíocht ón Roinn seo a bhfuil méadú inti duitse mar dhuine fásta cáilithe, ní bheidh sé/sí in ann an méadú seo a éileamh a thuilleadh.

Cánachas

Féachtar ar do Shochar Cúramóra seachtainiúil mar ioncam chun críocha cánach. Ní ghearrtar cáin ar an íocaíocht sula bhfaigheann tú í, mar sin is cóir duit í a chur san áireamh nuair a bheidh do ghnóthaí cánach á socrú agat go díreach leis na Coimisinéirí Ioncaim. Má tá aon cheisteanna agat faoi cháin ioncaim, déan teagmháil le d'oifig chánach áitiúil.

7. Cé atá ina leanbh cáilithe?

Tá cead agat méadú a éileamh i leith linbh má tá sé/sí faoi bhun 18 mbliana d'aois, má chónaíonn sé/sí leat de ghnáth agus má tá sé/sí á c(h)othabháil agat.

Ó Iúil 2012, ní bhfaighidh tú Méadú um Leanbh Cáilithe má fhaigheann do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir ioncam nó tuilleamh is mó ná 400 sa tseachtain.

Má tá leanbh in oideachas lánaimseartha de ló i scoil nó i gcoláiste aitheanta, is féidir go bhfaighidh tú an méadú seo ina leith go deireadh na bliana acadúla ina sroicheann an leanbh 22 bhliain d'aois (cibé acu sa bhaile nó lasmuigh den bhaile a chónaíonn an leanbh).

Is féidir go bhfaighidh tú an Méadú iomlán um Leanbh Cáilithe má tá tú singil, i mbaintreachas, i do pháirtnéir sibhialta marthanach nó idirscartha. Is féidir go bhfaighidh tú leath an ráta den Mhéadú um Leanbh Cáilithe má chónaíonn tú le do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir.

Má fhaigheann do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir íocaíocht ón Roinn seo, gheobhaidh gach duine agaibh leath an Mhéadaithe um Leanbh Cáilithe le bhur n-íocaíochtaí.

8. Conas a fhaightear an íocaíocht?

Is féidir leat an Sochar Cúramóra a fháil mar íocaíocht dhíreach isteach i do chuntas in institiúid airgeadais. Ní foláir nó gur cuntas reatha, taisce nó coigiltis é an cuntas seo agus **ní** ghlacfar le cuntas morgáiste.

9. Cá fhad a mhaireann an íocaíocht?

Is féidir leat an Sochar Cúramóra a fháil ar feadh suas le 2 bhliain do **gach** duine dá dtugtar aire. Is féidir leat é seo a fháil in aon tréimhse amháin nó i dtréimhsí éagsúla arb ionann iad agus tréimhse 2 bhliain nuair a chuirtear le chéile iad. Ós rud é go bhfaigheann tú an íocaíocht do gach duine dá dtugtar aire, féadfar forluí a bheith i gceist le roinnt tréimhsí cúraim.

Níl aon tréimhse íosta i gceist chun an Sochar Cúramóra a éileamh. Ach má éilíonn tú an Sochar Cúramóra ar feadh tréimhse is lú ná 6 seachtaine do dhuine dá dtugann tú aire, níl cead agat é a éileamh don duine céanna arís go dtí go mbeidh 6 seachtaine thart.

Bás an duine dá dtugtar aire

Má fhaigheann an duine dá dtugann tú aire bás laistigh den tréimhse 2 bhliain, leanfaidh tú den Sochar Cúramóra a fháil go ceann 6 seachtaine tar éis bhás an duine sin.

10. An féidir íocaíochtaí eile a fháil in éineacht leis an Sochar Cúramóra?

Gheobhaidh tú Dheontas Tacaíochta Cúramóra ar an gcéad Déardaoin i Mí an Mheithimh gach bliain i leith gach duine dá dtugann tú aire, ar chuntar go gcónaíonn tú (an cúramóir) agus an duine nó na daoine dá dtugann tú aire sa Stát. Ní gá iarratas a dhéanamh ar an Deontas Cúraim Fhaoisimh má cháilíonn tú don Sochar Cúramóra, mar íocfar go huathoibríoch leat é. Chun a thuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar **www.welfare.ie**.

11. Cathain agus conas a dhéantar iarratas?

Ba chóir duit iarratas a dhéanamh ar an Sochar Cúramóra 10 seachtaine sula mbeadh sé de rún agat do phost a fhágáil ionas go mbeadh go leor ama againn chun seiceáil a dhéanamh an gcáileofá agus chun plé le d'éileamh.

Chun iarratas a dhéanamh, líon an fhoirm iarratais, **CARB 1**, agus cuir í chuig an seoladh seo thíos:

Rannóg an tSochair Chúramóra
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Tithe an Rialtais
Bóthar Bhéal Átha na Lao
An Longfort
Guthán: (043) 3340000
Íosghlao: 1890 927 770

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar +353 43 3340000, le do thoil.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).

12. Conas a líontar an fhoirm iarratais ar an Sochar Cúramóra?

Sula líonfaidh tú an fhoirm iarratais, tóg beagáinín ama chun an mhír seo a léamh, le do thoil.

Agus sinn ag plé le hiarratas ar an Sochar Cúramóra, is féidir go mbeidh orainn measúnú a dhéanamh ar an riocht ina bhfuil suas le triúr (an cúramóir, céile/páirtnéir sibhialta/ comhchónaitheoir an chúramóra agus an duine dá dtugtar aire).

Beidh orainn a oibriú amach an gcáileoidh tú don Sochar Cúramóra de bhun do Thaifid Árachais Shóisialaigh.

Chomh maith leis sin, caithfimid scrúdú a dhéanamh ar riocht sláinte an duine dá dtugtar aire chun gur féidir linn cinneadh a dhéanamh an bhfuil gá aige/aici le cúram agus aire lánaimseartha.

Thairis sin, caithfear gur deimhin linn go gcuireann tú, an cúramóir, cúram agus aire lánaimseartha ar fáil agus go bhfuil ar do chumas é a dhéanamh.

Ciallaíonn sé seo go gcaithfear a lán eolais mhionsonraithe a lorg uait ar an bhfoirm iarratais.

Roimh duit cromadh ar an bhfoirm iarratais a líonadh agus a chur chugainn, ba chóir duit na treoracha i dtosach na foirme a léamh go haireach agus iad a leanúint. Ba chóir duit an seicliosta i **gcuid 9** den fhoirm a léamh go haireach chun a chinntiú go bhfuil na ceisteanna go léir freagartha agat agus go bhfuil na teastais agus na cáipéisí go léir is gá agat.

Iarratas i leith an dara duine dá dtugtar aire

Má fhaigheann tú an Sochar Cúramóra cheana agus má tá iarratas á dhéanamh agat anois ar liúntas níos mó toisc go dtugann tú aire don dara duine, **ní gá** duit teastais a chur chugainn arís. Más mar sin é, líon an fhoirm iarratais ina hiomláine agus scríobh go soiléir ar bharr na foirme iarratais, **“Iarratas i leith an dara duine - níl teastais faoi iamh”**.

Tá an fhoirm iarratais roinnte sna codanna seo a leanas.

Baineann **Cuid 1** le do shonraí pearsanta. Sínigh an dearbhú nuair a bheidh an fhoirm líonta, le do thoil.

Má thagann athrú ar do dhálaí tar éis an Sochar Cúramóra a bheith bronnta ort, caithfidh tú é seo a chur in iúl dúinn sa Roinn láithreach.

Baineann **Cuid 2** leis na sonraí de d'obair agus de d'éileamh.

Tugann **Cuid 3** liosta den dá rogha íocaíochta is féidir a dhéanamh maidir leis an Sochar Cúramóra.

Baineann **Cuid 4** leis na sonraí de d'obair agus ní mór do d'fhostóir is déanaí nó d'fhostóir reatha an chuid seo a líonadh agus stampa a chur uirthi.

Baineann **Cuid 5** leis na sonraí de do leanbh/leanaí cáilithe.

Baineann **Cuid 6** leis na sonraí de do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir.

Baineann **Cuid 7** leis na sonraí d'obair agus d'éileamh do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora, agus a (h)acmhainn san áireamh. Ní mór duit an chuid seo a líonadh freisin más mian leat méadú a éileamh do leanbh cáilithe.

Cumhdaíonn **Cuid 8** na sonraí den duine nó de na daoine dá dtugann tú aire.

Is ionann **Cuid 9** agus an seicliosta is ceart duit a léamh roimh duit d'iarratas a chur isteach.

Nóta

Má thugann tú aire do bhreis agus beirt, cuir in iúl dúinn é, le do thoil, mar is féidir go bhfaighidh tú Deontas Cúraim Fhaoisimh ina leith. Ba chóir duit foirm CARB 2 a líonadh agus í a chur chuig an seoladh ar lch. 10. Is féidir leat foirm CARB 2 a fháil ar www.welfare.ie nó ó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Baineann **Cuid 10** leis na teastais dochtúra don duine nó do na daoine dá dtugtar aire. Má thugann tú aire do dhuine atá faoi bhun 16 bliana d'aois agus má fhaigheann tú Liúntas Cúraim Bhaile, ní gá duit tuairisc dhochtúra a chur chugainn ag an bpointe seo.

Cuimhnigh ar gach teastas agus gach cáipéis a bhaineann le hábhar a chur faoi iamh le d'iarratas.

13. An féidir liom iarratas a dhéanamh ar an Sochar Cúramóra má táim tosaithe cheana ar chúram a chur ar fáil?

Is féidir siardhátú a dhéanamh ar iarratas ar Shochar Cúramóra ar feadh suas le hocht seachtaine tar éis duit cromadh ar chúram a chur ar fáil. Is féidir, áfach, é a shiardhátú níos sia siar i ndálaí áirithe, mar shampla más rud é:

- nár chuir tú iarratas isteach toisc go bhfuair tú eolas mícheart nó eolas easnamhach ón Roinn seo,
- go ndearnadh moill le hiarratas a dhéanamh de dheasca 'force majeure', imeacht a choisc thú ar iarratas a dhéanamh in am, nó
- gur tharla an mhoill toisc go raibh tú breoite.

Nóta

Ní féidir linn an Sochar Cúramóra a shiardhátú más rud é nárbh eol duit go raibh a leithéid d'íocaíocht ann nuair a chuaigh tú i mbun do dhualgas cúraim.

14. An féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh cinnidh?

Mura n-aontaíonn tú le cinneadh ar d'iarratas, is ceadmhach duit achomharc a dhéanamh ina aghaidh. Caithfear achomharc ar bith a dhéanamh i scríbhinn taobh istigh de 21 lá ó dháta an chinnidh agus ba cheart go luafadh sé an fáth leis an achomharc go soiléir.

Is féidir leat d'achomharc a chur chuig:

Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh
Teach D'Olier
Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
Guthán: (01) 6732800
Íosghlao: 1890 747 434

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar +353 1 6732800, le do thoil.

15. Cad a tharlaíonn nuair a éirím as obair chun cúram agus aire lánaimseartha a chur ar fáil?

Is féidir go mbeidh tú i dteideal de réir dlí saoire shealadach gan phá a fháil ó do phost chun cúram agus aire lánaimseartha a chur ar fáil do dhuine eile.

Chun eolas a fháil, déan teagmháil le:

An tÚdarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta
Tithe an Rialtais,
Bóthar Uí Bhriain,
Ceatharlach.

Guthán: (059) 9178990

Íosghlao: 1890 80 80 90

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar +353 59 9178990, le do thoil

Chun a thuilleadh eolais a fháil ar an dlí faoin tsaoire chúramóra, logáil isteach ar **www.employmentrights.ie**.

Creidmheasanna na saoire cúramóra

Gheobhaidh tú go huathoibríoch ranníocaíochtaí ÁSPC atá curtha chun sochair ('creidmheasanna') i leith na tréimhse ina bhfaigheann tú an Sochar Cúramóra nó ina mbíonn tú ar saoire chúramóra. Bronntar creidmheasanna ar an ráta céanna agus a bhain le do ranníocaíocht dheireanach ÁSPC a íocadh.

Cabhraíonn na creidmheasanna seo le d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh amach anseo a chosaint.

Nóta

Má bhaineann tú leas as saoire chúramóra amháin, iarr ar d'fhostóir an fhoirm iarratais ar chreidmheasanna na saoire cúramóra atá ag deireadh an leabhráin seo a líonadh, le do thoil, tar éis duit filleadh ar an obair.

Má théann tú ar saoire chúramóra ach mura bhfaigheann tú Sochar Cúramóra, beidh tú i dteideal creidmheasanna na saoire cúramóra a fháil go fóill maidir le gach seachtain den tsaoire, ar feadh suas le 2 bhliain. Cinnteoidh sé seo go gcoinneofar go hiomlán an cumhdach reatha atá agat i leith an leasa shóisialaigh.

Ansin ba chóir duit an fhoirm líonta a chur chuig:

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Seirbhísí Intofachta na gCliant
Sruth Gearrthréimhseach Luacha
Bóthar Faoisimh Laistigh
Ard Rámhann
Bun Cranncha
Contae Dhún na nGall
Éire

Bronnfar creidmheasanna i leith do shaoire gan phá agus tabharfar do thaifead árachais shóisialaigh bord ar bhord leis an eolas is déanaí.

16. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Chun a thuilleadh eolais ar an **Sochar Cúramóra** a fháil, déan teagmháil le **d'Oifig Leasa Shóisialaigh** áitiúil nó le **Rannóg an tSochair Chúramóra** ag an seoladh ar lch. 10.

Chun leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus a thuilleadh eolais ar sheirbhísí leasa shóisialaigh a fháil:

- Tabhair cuairt ar **www.welfare.ie**.
- Glaoigh ar an Líne Eolais Íosghlaonna ag **1890 66 22 44** nó má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar **+353 71 91 93313**, le do thoil.
- Buail isteach chuig d'Ionad Faisnéise áitiúil do Shaoránaigh, do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Nóta

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (Iosghlao).

Leabhráin áisiúla eile:

Leabhrán ar Rátaí Iocaíochtaí	**SW 19**
Liúntas Cúramóra	**SW 41**
Dheontas Tacaíochta Cúramóra	**SW 141**

Foirm iarratais ar chreidmheasanna na saoire cúramóra

Ainm an fhostaí:

Seoladh an fhostaí:

Uimhir ghutháin an fhostaí:

Le líonadh ag d'fhostóir nuair a fhillfidh tú ar an obair

Uimh PSP:

Deimhním/Deimhnímid gur imigh an fostaí thuasluaite ar saoire chúramóra mar seo a leanas:

Ó: Go:

Líon iomlán na seachtainí:

Arna shíniú ag an bhfostóir nó ar a s(h)on:

Ainm:
(**ná húsáid** bloclitreacha)

Post sa chomhlacht nó san eagraíocht:

Uimhir Chláraithe an Fhostóra:

Uimhir ghutháin an fhostóra:

Stampa Oifigiúil an Fhostóra:

Dáta:

Cuir an fhoirm líonta seo chuig:

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Tithe an Rialtais,
Seirbhísí Intofachta na gCliant,
Bóthar Faoisimh Laistigh, Bun Cranncha,
Contae Dhún na nGall.

Ráiteas um Chosaint Sonraí

Riarann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí córas coimirce sóisialaí na hÉireann. Ceanglaítear ar chustaiméirí sonraí pearsanta a chur ar fáil chun go socraítear an intofacht d'íocaíochtaí nó do shochair a bhaineann le hábhar. Féadfar sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna/Gníomhaireachtaí Rialtais eile de réir mar a fhoráiltear le dlí. Tá ár mbeartas cosanta sonraí le fáil ar www.welfare.ie/dataprotection nó i gcruachóip.

Is mar threoir amháin a úsáidtear na mínithe agus na téarmaí san fhoirm seo agus ní léirmhíniú dleathach iad.

0K 06-18 Eagrán: Meitheamh 2018